FCLteo
Forbairt Chonamara Láir
De réir a chéile a thógtar na caisleáin

Teach an Údaráis, Carna, Co. na Gaillimhe, H91 X07X.
Fón 095-32688
fclteo@eircom.net
www.conamaragaeltacht.com

FOLÚNTAS

Oifigeach Cúnta

Post lánaimseartha

€23,000 - €34,000 sa mbliain

Tá Oifig Pleanála Teanga Chonamara Láir ar thóir Oifigeach Cúnta chun tacú le feidhmiú an Phlean Teanga i limistéar Chonamara Láir. Beidh an tOifigeach Cúnta ag obair leis an Oifigeach Pleanála Teanga ó lá go lá agus beidh sé/sí freagrach as tacaíocht riaracháin agus rúnaíochta a chur ar fáil do chlár oibre na hOifige. Dá réir sin tá sé riachtanach go mbeadh ardchaighdeán líofachta i labhairt agus scríobh na Gaeilge ag an té a cheapfar.

Bheadh sé ina bhuntáiste freisin dá mbeadh na scileanna agus taithí seo a leanas ag iarrthóirí:

- Scileanna ríomhaireachta agus riaracháin oifige den scoth
- Duine cumasach, fuinniúil a bhfuil suim aige/aici i gcur chun cinn na Gaeilge
- Scileanna maithe idirphearsanta, cumarsáide is eagrúcháin
- Bheadh taithí ar bhainistiú airgeadais ina bhuntáiste
- Eolas maith ar na meáin shóisialta
- Tuiscint ar chúrsaí forbartha pobail
- Beidh conradh 3 bliana i gceist leis an bpost mar thús.

Tá na mionsonraí a bhaineann leis an bpost le fáil ach teagmháil a dhéanamh le Forbairt Chonamara Láir ag: 095 32688, fclteo@eircom.net

Tá cóip de Phlean Teanga Chonamara Láir ar fáil ar: www.conamaragaeltacht.com

Ba chóir iarratas mar aon le C.V. a sheoladh chuig: ***An tOifigeach Forbartha, Forbairt Chonamara Láir Teo., Teach an Údaráis, Carna, Co. na Gaillimhe, H91X07X roimh: 26 Aibreán 2019.***

Pleanáil Teanga Chonamara Láir
S20 AN PRÓISEAS PLEANÁLA TEANGA Ár dTeanga, Ár bPobal, Ár nGaeltacht
Údarás na Gaeltachta
Gaeltacht na hÉireann